# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2009

## TÍREOLAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL

### ROINN 2

**DÉ hAOINE, 5 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 go 4.00**

Tá **ROINN 1** den pháipéar seo i bhfillteán ar leithligh, mar a bhfuil spásanna le haghaidh do chuid freagraí.

**N.B. NÁ DÉAN DEARMAD DE, LE DO THOIL, GO gCAITHFEAR AN FILLTEÁN A THABHAIRT AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR.**

**ROINN 2 (90 MARC)**

Freagair **TRÍ** cheist.

Tá na ceisteanna uile ar cómharc.


## 1. DROMCHLA AN DOMHAIN Á MHÚNLÚ

### A. Tírghnéithe

(i) Ainmnigh tírghné **AMHÁIN** a fhoirmítear le **creimeadh cósta** NÓ le h**Oighearchreimeadh**.
Déan cur síos, le cabhair léaráidí, ar conas a foirmíodh í. [6]

(ii) Ainmnigh tírghné **AMHÁIN** a fhoirmítear le **Sil-leagan Cósta** NÓ le **Sil-leagan Oighreach**.
Déan cur síos, le cabhair léaráidí, ar conas a foirmíodh í. [6]

### B. Creathanna talún




(i) Scrúdaigh an léaráid. Le cabhair na dtéarmaí a thaispeántar ar an léaráid, déan cur síos ar an rud a tharlaíonn le linn crith talún. [6]

(ii) Ainmnigh áit **AMHÁIN** ar domhan ina dtarlaíonn creathanna talún go minic. [2]

(iii) Ainmnigh **DHÁ** rud a tharlaíonn nuair a bhuaileann crith talún cathair mhór. [4]

### C. Ag Tochailt Carraigeacha

(i) Ainmnigh **DHÁ** charraig ar bith. [2]

(ii) Baineann daoine úsáid mhaith as carraigeacha (cloch).
Déan cur síos ar úsáid **AMHÁIN** a bhaintear as **gach** carraig a d'ainmnigh tú. [4]

**2. GNÍOMHAÍOCHTAÍ EACNAMAÍOCHTA**

**A. An Fheirmeoireacht mar chóras**




Déan tagairt do na léaráidí thuas agus mínigh conas a oibríonn an **FHEIRMEOIREACHT** mar chóras le hIonchuir, le Próisis agus le hAschuir. [12]

**B. Acmhainní Fuinnimh – Ola agus Gás**

(i) Mínigh an téarma **acmhainn neamh-inathnuaite.** Ainmnigh sampla **AMHÁIN**. [3]

(ii) Ainmnigh **DHÁ** úsáid a bhaintear as ola sa ghnáthshaol laethúil. [2]

(iii) Déan cur síos ar iarmhairt **dhearfach AMHÁIN** agus ar iarmhairt **dhiúltach AMHÁIN** a bhainfeadh le holacheantar mór nó le gáscheantar nádúrtha mór a aimsiú amach ó chósta na hÉireann. [4]

**Tá Ceist 2c ar an gcéad leathanach eile.**

## 2. GNÍOMHAÍOCHTAÍ EACNAMAÍOCHTA *ar leanúint*

### C. An Turasóireacht

DISCOVERIRELAND.IE
RIGHT HERE, RIGHT NOW



(i) Le cabhair na bhfótagraf thuas ó shuíomh gréasáin Discover Ireland, déan cur síos ar **DHÁ** ghníomhaíocht / rud atá ar fáil in Éirinn atá ina n-ábhar spéise do thurasóirí. [6]

(ii) Déan cur síos ar shlí **AMHÁIN** inar chabhraigh an turasóireacht le do cheantar áitiúil. [3]

## 3. LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS

**A.** Déan staidéar ar an léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a thugtar leis an bpáipéar seo.
Tarraing sracléarscáil den cheantar a thaispeántar ar léarscáil na Suirbhéireacht Ordanáis.
Marcáil uirthi agus ainmnigh:

- Líne an chósta
- An limistéar faoi fhoirgnimh i Cill Mhantáin
- An Príomhbhóthar Náisiúnta N11
- An t-iarnród. [10]

**B.** Féach arís ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis a thugtar.

(i) Tomhais an fad, ina chiliméadair, ar feadh bhóthar an N11 ón Acomhal leis an R772 ag **T 282 962** go dtí imeall thuaidh na léarscáile. [4]

(ii) Bain úsáid as an léarscáil agus ainmnigh **DHÁ** sheirbhís atá le fáil sa limistéar faoi fhoirgnimh i gCill Mhantáin. [4]

**C.** Tá moladh déanta go dtógfaí óstán ar Bride's Hill (T 33 92).
Bain úsáid as fianaise ón léarscáil agus déan cur síos ar bhuntáiste **AMHÁIN** agus ar mhíbhuntáiste **AMHÁIN** a bhainfeadh le hóstán a thógáil ansin. [12]

**4.** **<u>AERFÓTAGRAF – Cill Mhantáin</u>**

Déan staidéar ar an aerfótagraf de Chill Mhantáin a thugtar leis an bpáipéar seo.

[**NOD:** Cuimhnigh air gur fótagraf sceabhach (fiar) é seo. Ba chóir duit na téarmaí cearta a úsáid mar sin, e.g. an Cúlra ar Clé, an Lár ar dheis, Lár an Tulra, etc.]

**A.** Tarraing sracléarscáil den cheantar a thaispeántar san fhótagraf.
Marcáil iad seo uirthi agus ainmnigh iad:

- Líne an chósta
- Abhainn
- Droichead
- Limistéar cónaithe. [10]

**B.** Samhlaigh úinéir comhlachta mhóir thú. Tá sé socraithe agat ceann de do mhonarchana a chur sa cheantar seo.

Bain úsáid as fianaise <u>ón Aerfótagraf</u>:

(i) Sainaithin suíomh **AMHÁIN** a bheadh oiriúnach le haghaidh monarcha a thógáil ann, dar leat. [2]

(ii) Cén fáth ar roghnaigh tú an suíomh seo? Déan cur síos ar **DHÁ** chúis. [6]


(iii) Ainmnigh agóid **AMHÁIN** a d'fhéadfaí a dhéanamh i gcoinne na monarchan. [2]

**C.** Agus fianaise ón aerfótagraf á húsáid agat, mínigh cén fáth ar fhorbair baile Chill Mhantáin ag an suíomh seo. Tabhair **DHÁ** chúis.
[10]

5. <u>MEASCÁN TÍREOLAÍOCHTA</u>

**Freagair TRÍ CINN AR BITH de na ceisteanna A, B, C, D.**

**5A. <u>Teocht</u>**




Sa ghraf thuas taispeántar na léamha teochta a tógadh i scoil seachtain áirithe.

(i) Cé acu lá a raibh an teocht ab airde ann? [2]

(ii) Cé acu lá a raibh an teocht ab ísle ann? [2]

(iii) Cad é an Raon Teochta (*difríocht sa teocht)* a bhí ann an tseachtain sin? [2]

(iv) Mínigh cén fáth a mbíonn áiteanna in aice an Mheánchiorcail **níos teo** ná áiteanna in aice na bPol.
(Is féidir leat léaráid a tharraingt mar chuid de do fhreagra má chabhraíonn sé leat.) [4]

**5.** **MEASCÁN TÍREOLAÍOCHTA *ar leanúint***

**5B.** **Cúnamh do Thíortha i mBéal Forbartha**

Irish Aid
Department of Foreign Affairs
An Roinn Gnóthaí Eachtracha



## Tugann Irish Aid cúnamh chun uisce glan a sholáthar i Mósaimbíc

Sular tógadh an caidéal uisce sa sráidbhaile, bhíodh ar na daoine siúl ar feadh uair an chloig go dtí an loch is cóngaraí le haghaidh uisce agus uair an chloig ar ais. Bo mhinic a bhíodh ar Louisa (san fhótagraf), máthair triúr leanaí, trí thuras a dhéanamh in aghaidh an lae agus buicéid throma ar iompar aici.

**Tá an teacht ar uisce glan sna sráidbhailte sa chuid seo de Mhósaimbíc feabhsaithe ó 24% in 2001 go níos mó ná 73% in 2007**

(Foinse: www.irishaid.gov.ie)


(i) Le cabhair an eolais a thugtar thuas, mínigh cad a thuigeann tú leis an téarma **"Cúnamh Déthaobhach"**. [3]

(ii) Cén feabhas a tháinig ar chúrsaí maidir le soláthar uisce sa sráidbhaile idir 2001 agus 2007? [3]

(iii) Samhlaigh go bhfuil tú ar cuairt chuig an sráidbhaile seo. Déan cur síos achomair ar **DHÁ** rud is dócha a bheadh difriúil le do áit féin sa bhaile. [4]

**5.** **MEASCÁN TÍREOLAÍOCHTA *ar leanúint***

## 5C. Daoine ag Bogadh – Imirce




(Foinse: Population and Migration Estimates, CSO, 2007)

(i) Ríomh an méadú ar líon na n-inimirceach a tháinig go hÉirinn idir 2003 agus 2007. [2]

(ii) Mínigh **DHÁ** Thoisc Bhrú (cúiseanna a bheadh ag daoine a dtír féin a fhágáil). [4]

(iii) Mínigh **DHÁ** Thoisc Tharraingthe (cúiseanna a bheadh ag daoine le teacht agus cónaí in Éirinn). [4]

## 5D. Ár dTimpeallacht




(i) Mínigh **DHÁ** chúis atá le Téamh Domhanda. [6]

(ii) Ainmnigh **DHÁ** iarmhairt a d'fhéadfadh a bheith ar an Téamh Domhanda. [4]

 THALL →

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán